Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14286/25
PV CONS 53
TRANS 481
TELECOM 360
ENER 541
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

20 Deireadh Fómhair 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13922/25. Arna iarraidh sin don Spáinn, chomhaontaigh an Chomhairle mír eile a chur isteach faoi 'aon ghnó eile' maidir le 'An gá atá le haghaidh a thabhairt ar am coigilte sholas an lae i bhfianaise a laghad gnóthachan éifeachtúlachta fuinnimh' i seisiún poiblí.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 13973/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938** ❶C 13869/25
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938.

Thíolaic an Bhulgáir, an Iodáil agus an Ungáir ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

4. **An leictriú mar spreagadh d'aistriú iomaíoch glan**[1] F2 13319/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an leictriú mar spreagadh d'aistriú iomaíoch glan.

---

1 I láthair Ollamh le Beartas Fuinnimh agus Aeráide as Ollscoil Oxford.

5. Slándáil agus athléimneacht fuinnimh na hÚcráine agus na Moldóive agus tábhacht straitéiseach a gcomhtháthaithe i margadh fuinnimh an Aontais[2] — 13325/25
*Seisiún tuairimíochta*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**6. (a) An gá atá le haghaidh a thabhairt ar am coigilte sholas an lae i bhfianaise a laghad gnóthachan éifeachtúlachta fuinnimh** — **14195/25**
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

**(b) Tuarascáil bhliantúil 2025 ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú** — 13776/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(c) Teachtaireacht i ndáil le fís dhomhanda aeráide agus fuinnimh an Aontais Eorpaigh: ról iomaíoch na hEorpa sna margaí domhanda a dhaingniú agus dlús a chur leis an aistriú glan** — 14015/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d) Comhaontuithe tríthaobhacha le haghaidh fuinneamh inacmhainne do thionscal an Aontais – staid na himeartha** — 13857/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

---

[2] I láthair Aire Fuinnimh na hÚcráine agus Aire Fuinnimh na Moldóive.

(e) **Fóram 2030 um Ghníomhaíocht Éifeachtúlachta** [2] 13855/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA 'B' A LEAGTAR AMACH IN 13922/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Cuireann an Bhulgáir in iúl go dtacaíonn sí le cuspóir straitéiseach an togra le haghaidh Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 (Rialachán REPowerEU). Ag an am céanna, creidimid gur cheart féachaint ar spleáchas fuinnimh a theorannú i gcomhthéacs níos leithne, lena n-áiritheofar nach mbeidh tionchar díréireach ag na bearta a dhéanfar ar an ngeilleagar náisiúnta.

Tugaimid dár n-aire gur cuireadh soláthairtí gáis nádúrtha na Rúise chuig an mBulgáir ar fionraí in 2022, agus gur éirigh linn in 2024 foinsí breosla núicléach nua a éagsúlú d'aonaid 5 agus 6 de stáisiún cumhachta núicléiche Kozloduy. Ó mhí Eanáir 2024 i leith, níl ola de thionscnamh na Rúise ag teacht isteach sa Bhulgáir.

I bhfianaise na tacaíochta polaitiúla do shubstaint an togra le haghaidh Rialachán REPowerEU, measann an Bhulgáir go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun an téacs a fhorbairt i bhfianaise na tacaíochta a thugann ár dtír chun cur chuige coiteann ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, lena léirítear na breithnithe seo a leanas:

(1) Forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá infheidhme go díreach a chur san áireamh agus an tionchar ar oibreoir an chórais tarchurtha gáis á chur san áireamh, lena bhforáiltear do shásraí tacaíochta agus ráthaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun soláthairtí malartacha a áirithiú trí úsáid a bhaint as acmhainneacht bhreise agus as bonneagar atá ann cheana.

(2) Na coimircí is gá in aithris 26 a neartú trí théacs a chur san áireamh sa chuid oibríochtúil den dréachtghníomh chun cuideachtaí a bhfuil conarthaí tarchurtha fadtéarmacha agus acmhainneacht phíblíne ar conradh acu a chosaint ar chásanna eadrána agus pionóis airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann, agus chun cosc a chur ar theacht timpeall ar an Rialachán freisin. Ina theannta sin, tá imní orainn i gcónaí faoi chobhsaíocht an bhunúis dlí a thugtar mar údar maith leis an mbeart trádála a chuirtear i bhfeidhm, agus táimid ag brath ar thiomantas leanúnach sheirbhísí an Choimisiúin chun bunús dlí fónta a áirithiú dá chur chun feidhme.

(3) Chun an Rialachán a chur chun feidhme, bheadh sé úsáideach bearta breise a dhéanamh chun bosca uirlisí a chruthú do na Ballstáit, lena n-áirítear an próiseas is gá chun sonraí a mhalartú agus a phróiseáil go huathoibríoch.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR maidir le hAirteagal 16**

'Creideann an Ungáir nach mór comhdhéanamh an mheascáin fuinnimh, chomh maith le cinntí maidir le foinsí soláthair agus éagsúlú na bhfoinsí sin, a fhágáil faoi chúram gach Ballstáit. Cuireann an Ungáir in iúl gur cúis mhór imní di go ndéanann dréacht-Rialachán RepowerEU difear bunúsach don tslándáil fuinnimh, do phraghsanna fuinnimh agus do rogha cheannasach an mheascáin fuinnimh. Dá bhrí sin, measaimid go gcuireann dréacht-Rialachán RepowerEU isteach ar cheannasacht na mBallstát agus nach n-urramaíonn sé prionsabal na coimhdeachta.

D'eisigh Tionól Náisiúnta na hUngáire tuairim réasúnaithe faoi na hábhair mhór imní atá aici maidir leis an gcoimhdeacht.

Tá amhras mór ar an Ungáir maidir leis an mbunús dlí a roghnaíodh don togra maidir le Treochlár RepowerEU a chur chun feidhme. I ndréacht-Rialachán RepowerEU, níl aon chuspóir comhbheartais tráchtála ann. Dá bhrí sin, measaimid gur 'smachtbhanna *de facto*' é an beart sin.

Is oth leis an Ungáir nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair cuimsitheach tírshonrach, lena n-áirítear seiceáil iomaíochais ar na brúnna praghsanna agus ar an luaineacht a eascraíonn as sin, chomh maith le saincheisteanna réigiúnacha maidir le slándáil an tsoláthair. Tá seasamh sonrach ag na Ballstáit talamhiata, ar nós na hUngáire, nach mór a chur san áireamh.

Tá an Ungáir suite de nach amháin go mbeidh praghsanna fuinnimh níos airde agus níos luainí mar thoradh ar na bearta a leagtar amach i ndréacht-Rialachán RepowerEU, praghsanna atá anois ar an mbac is mó ar iomaíochas na hEorpa cheana féin, ach go gcuirfear slándáil an tsoláthair i mbaol freisin, go háirithe i gcás na mBallstát talamhiata.

Mar thoradh air sin, níl an Ungáir in ann tacú leis an gcur chuige ginearálta maidir le dréacht-Rialachán RepowerEU.

Thairis sin, maidir le hAirteagal 16, aithníonn an Ungáir gur áiríodh foráil i ndréacht-Rialachán RepowerEU lena soiléirítear an gaol leis an 19ú pacáiste smachtbhannaí atá beartaithe i gcoinne Chónaidhm na Rúise.

Deir an Ungáir gur cheart feidhm a bheith ag an léirmhíniú in Airteagal 16 de dhréacht-Rialachán RepowerEU maidir le haon bhearta nua a d'fhéadfadh a bheith ann lena gcumhdaítear ábhar dhréacht-Rialachán RepowerEU le linn caibidlíochtaí idirinstitiúideacha.

Dá bhrí sin, cuireann an Ungáir i bhfios go láidir, chun an leibhéal is airde deimhneachta dlíthiúla a áirithiú d'oibreoirí an Aontais, agus chun soiléireacht a sholáthar freisin maidir leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme faoi dhlí an Aontais, go n-urramófar an comhleanúnachas agus an chomhsheasmhacht idir dlíthe agus beartais éagsúla an Aontais, lena n-áirítear na díolúintí agus na maoluithe i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar atá i bhfeidhm ag an am.'

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Ba mhaith leis an Iodáil a tacaíocht do na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán agus a tiomantas daingean chun iad a bhaint amach a athdhearbhú, go háirithe mar cheann de na chéad tíortha a bhain neamhspleáchas ar sholáthairtí gáis ón Rúis amach.

Cé gur díol sásaimh don Iodáil go n-áirítear go leor dá hiarrataí sa téacs comhréitigh deiridh, tá imní uirthi i gcónaí, mar a luadh le linn na caibidlíochta, faoi ghnéithe áirithe de théacs an Rialacháin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gceanglas maidir le réamhúdarú a fhorchuirtear ar allmhaireoirí i gcás ina n-allmhairítear gás ó ghrúpa roghnaithe tíortha is táirgeoirí. Is é ár dtuairim nach bhfuil an ceanglas sin fíor-riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach agus go bhfuil baol ann go gcuirfí moill ar fheidhmíocht conarthaí trí bhac a chur ar éifeachtacht allmhaireoirí agus trí leachtacht an mhargaidh GNL a laghdú, agus go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ann do phraghsanna gáis agus do shlándáil an tsoláthair, i gcásanna ina bhfuil gá le spot-trádáil GNL tapa chun an córas a chothromú.

Ós rud é go bhfuil praghsanna fuinnimh níos airde san Iodáil cheana féin ná mar atá sa chuid eile den Eoraip, tá súil againn go ndéanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach agus go ndéanfaidh sé scrúdú cúramach ar thionchar na rialacha sin ar an margadh gáis/GNL agus ar phraghsanna fuinnimh, agus ar na hiarmhairtí d'oibreoirí, chun aird chuí a thabhairt orthu le linn an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán féin.'